C/2025/1615

12.3.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11746 – DSV / SCHENKER)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1615)

1. An 4 Márta 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— DSV A/S ('DSV', an Danmhairg),

— Schenker Aktiengesellschaft ('Schenker', an Ghearmáin), fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Deutsche Bahn Aktiengesellschaft ('DB', an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh DSV rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Schenker ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— DSV: Soláthar seolta lasta, lena gcumhdaítear lasta talún, aeir agus mara, agus seirbhísí lóistíochta ar conradh. Tá an phunann seirbhísí eagraithe ina trí líne ghnó: (i) DSV Air & Sea, (ii) DSV Road agus (iii) DSV Solutions (seirbhísí lóistíochta ar conradh). Tá DSV gníomhach san Eoraip, i gCríocha Mheiriceá, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, sa Mheánoirthear agus san Afraic,

— Schenker: Soláthar seirbhísí seolta lasta, lena gcumhdaítear lasta talún, aeir agus mara, agus seirbhísí lóistíochta ar conradh. Tá Schenker gníomhach san Eoraip, i gCríocha Mheiriceá, i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, sa Mheánoirthear agus san Afraic. Fuair DB Schenker in 2002 agus tá 100 % de na scaireanna i Schenker ina sheilbh aige ó shin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11746 – DSV / SCHENKER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').